



Suí iomlánach

A9-0321/2021

15.11.2021

TUARASCÁIL

ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh
Foirgneamh
(2021/2077(INI))

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Seán Kelly

CLÁR

Leathanach

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR FHIONNACHTANA	3
TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	10
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT	25
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....	34
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH	35

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR FHIONNACHTANA

Cúlra

Tá foirgnimh fíor-riachtanach chun neodracht carbóin, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite an Aontais a bhaint amach. Is cosúil nach féidir ár spriocanna aeráide a bhaint amach gan dícharbónú a dhéanamh ar ár spásanna maireachtála agus oibre. Go deimhin, is iadsan is cúis le 36 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa agus 40 % den tomhaltas fuinnimh san Aontas. Mar sin féin, in Eoraip an lae inniu, níl 75 % d'fhoirgnimh tíosach ar fhuinneamh, go príomha toisc gur tógadh go leor de na foirgnimh atá in úsáid sa lá atá inniu ann sular cuireadh na riachtanais reatha i bhfeidhm.

Ós rud é gur shocraigh an tAontas a sprioc le déanaí maidir le glanlaghdú 55 % ar astaíochtaí faoi 2030, caithfidh méadú ar fheidhmíocht fuinnimh a fhoirgneamh rannchuidiú go mór leis an gcuspóir sin a bhaint amach. Go deimhin, ba cheart do AE astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuid foirgneamh a laghdú 60 %, a dtomhaltas fuinnimh deiridh 14 % agus an tomhaltas fuinnimh i gcomhair téimh agus fuarú a laghdú 18 %.

Tá go leor tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha ann freisin a bhaineann le hathchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh, as a dtagann coigilteas fuinnimh, astaíochtaí níos ísle, billí laghdaithe fuinnimh do theaghlaigh agus cruthú post, chomh maith le hiomaíochas Eorpach agus athléimneacht eacnamaíoch a fheabhsú.

Cé go bhfuil feidhm ag na ceanglais fuinnimh is déanaí maidir le foirgnimh nua, ní mór dúinn dearmad a dhéanamh ar an ngá atá le héifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana a uasghrádú, ós rud é go mbeidh thart ar 85-95 % d'fhoirgnimh an lae inniu in úsáid faoi 2050, de réir meastachán. Dá bhrí sin, ní mór d'aon straitéis áititheach dul i ngleic leis an stoc foirgneamh chomh maith leis na struchtúir nua.

Mar sin féin, tá an ráta athchóirithe foirgneamh íseal faoi láthair ag thart ar 1 % in aghaidh na bliana agus ní chumhdaítear leis an gclár athchóirithe gnéithe fuinnimh i gcónaí. De ghnáth, díreoidh sé ar an tomhaltas fuinnimh chun dramhaíl soláthair a laghdú agus cuirfidh sé feabhas ar na córais theicniúla foirgneamh. Ní dhéantar foinsí in-athnuaite fuinnimh a shuiteáil chomh minic agus is annaimhe fós a thugtar aghaidh ar shaincheisteanna maidir le feidhmíocht fuinnimh struchtúraigh. Ardaíonn sé sin ceist na straitéisí atá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcuirfead dlús leis an ráta athchóirithe agus go ndíreofar ar fhadhbanna feidhmíochta fuinnimh ag an am céanna.

Ina theannta sin, cuirtear bac ar ráta athchóirithe foirgneamh toisc gur san earnáil chónaithe atá na gnóthachain ionchasacha is mó¹, áit a bhfuil na tiarnaí talún níos scaipthe ná mar atá siad sa spás neamhchónaithe.

An creat reachtach

Leis na barúlacha sin, tá údar cuí le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais chun ionchais íosta a

¹ De réir an mheasúnaithe tionchair maidir leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2030, bheadh ar an earnáil chónaithe an laghdú is airde ar an éileamh ar fhuinneamh i dtéamh agus i bhfuair a dhéanamh, idir -19 % agus -23 %, i gcomparáid le 2015.

chomhchuibhiú agus a leagan síos maidir le feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh a fheabhsú.

Is í Treoir 2010/31/AE (“an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh” nó “EPBD”) an phríomhionstraim dlí san Aontas Eorpach. Déantar foráil ann do chur chuige cuimsitheach agus comhtháite i leith feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil fuinnimh i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá ann cheana, i bhfoirgnimh chónaithe agus i bhfoirgnimh thráchtála. Cumhdaítear le forálacha EPBD riachtanais fuinnimh d’insliú teirmeach, téamh spáis agus uisce the, fuarú, aerú agus soilsíú.

Tá dhá chuspóir chomhlántacha ag EPBD, eadhon dlús a chur le hathchóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana faoi 2050 agus tacú le nuachóiriú na bhfoirgneamh go léir le teicneolaíochtaí cliste agus nasc níos soiléire le soghluaisteacht ghlan. Tá sé i gceist le EPBD freisin timpeallacht chobhsaí a chur ar fáil le haghaidh cinní infheistíochta agus a chur ar chumas tomhaltóirí agus gnólachtaí roghanna níos eolasaí a dhéanamh chun fuinneamh agus airgead a shábháil.

Le EPBD, ceanglaítear ar na Ballstáit straitéisí athchóirithe fadtéarmacha a ghlacadh agus íoscheanglais a bhunú maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh nuathógtha agus foirgneamh atá ann cheana agus a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu. I bhfocail eile, cothaíonn sé cur chuige cóineasaithe, uaillmhianach maidir le hathchóiriú fadtéarmach foirgneamh gan an luas agus an modh athchóirithe sin a shainordú, a fhágtar faoi na Ballstáit.

Comhlánaíodh é le Treoir 2012/27/AE (an “Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh” nó “EED”) ina raibh forálacha maidir le hathchóiriú foirgneamh agus straitéisí fadtéarmacha chun infheistíocht a shlógadh in athchóiriú stoc náisiúnta foirgneamh.

Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar EPBD in 2018. Leasaíodh EPBD agus EED le Treoir (AE) 2018/844, a tháinig i bhfeidhm an 9 Iúil 2018 agus a bhí le trasú faoin 10 Aibreán 2020. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, ***go ndírítear sa tuarascáil cur chun feidhme sin ar na hathruithe is déanaí ar EPBD*** a tugadh isteach ansin, go háirithe na ceanglais ar na Ballstáit leagan uasghrádaithe dá Straitéisí Athchóirithe Fadtéarmacha (LTRSanna) a thíolacadh, agus ní chumhdaítear léi cur chun feidhme na gcodanna sin de EPBD nach raibh tionchar ag an athbhreithniú is déanaí orthu.

Faoi Airteagal 4 de EED, bhí sé d’oibleagáid ar na Ballstáit cheana LTRSanna a thíolacadh chun cur chun feidhme a gcuid iarrachtaí ar an láthair a chumasú trí phleanáil straitéiseach, beartais éifeachtacha agus tacaíocht airgeadais. Táthar ag súil go gcuirfidh LTRS dlús le hathchóiriú costéifeachtach na bhfoirgneamh atá ann cheana agus go n-áiritheofar go dtiocfaidh méadú ar an athchóiriú domhain. Ní críoch inti féin í straitéis, ach is túsphointe í do ghníomhaíocht níos láidre. Tá LTRSanna mar chuid de na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECPanna) freisin. Cé nach mór do na Ballstáit LTRSanna a ghlacadh, níl aon oibleagáid dhlíthiúil orthu iad a chur chun feidhme agus dá bhrí sin is féidir leis an gCoimisiún iad a mheasúnú ach gan a n-éifeachtacht a rialú.

Rinneadh athrá ar na LTRSanna in 2014 agus in 2017. Rinneadh an oibleagáid ar na Ballstáit LTRS dá stoc náisiúnta foirgneamh a bhunú a aistriú in 2018 go dtí an EPBD ón EED. Go deimhin, le hAirteagal 1 de Threoir (AE) 2018/844 tugadh isteach Airteagal 2a nua maidir le LTRanna le EPBD agus rinneadh Airteagal 4 den Treoir sin a aisghairm.

Na forbairtí is déanaí

Ina dhiaidh sin, d'eisigh an Coimisiún in 2019 dhá mholadh maidir le hathchóiriú foirgneamh² agus maidir le nuachóiriú tógála³, bunaithe ar athbhreithniú 2018 EPBD, chun éascú a dhéanamh ar an Treoir a bheith á trasú agus á cur chun feidhme ag na Ballstáit.

- Idir an dá linn, d'oibrigh an Coimisiún ar an gcéad athbhreithniú eile ar EPBD faoin bPacáiste 'Oiriúnach do 55'. Fógraíodh athruithe ar EPBD ina Theachtaireacht maidir le tionscnamh rabharta athchóiriúcháin Dheireadh Fómhair 2020⁴. D'fhoilsigh sé measúnú tionchair tosaigh⁵ i mí Feabhra 2021 mar chuid den sruth oibre sin. Is é is cuspóir dó togra reachtach a ghlacadh lena ndéanfar athbhreithniú ar EPBD an 15 Nollaig 2021.

Gnéithe den athbhreithniú is déanaí ar EPBD

Ós rud é go bhfuil raon feidhme na tuarascála cur chun feidhme teoranta do na hathruithe is déanaí a tugadh isteach in EPBD, is fiú cuimhneamh ar na hathruithe sin agus ar na cuspóirí a bhí leo tráth a nglactha.

- LTRSanna (Airteagal 2a(1))

I bhfianaise na n-easnamh atá i straitéisí 2014 agus 2017 agus i bhfianaise na práinne atá ag dul i méid maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide, rinneadh na ceanglais maidir le straitéis athchóirithe a neartú in athbhreithniú 2018 ar EPBD. Go háirithe, leathnaigh sé raon feidhme LTRS. Dála na leaganacha roimhe seo, tá feidhm ag LTRSanna maidir le stoc náisiúnta na bhfoirgneamh poiblí agus príobháideach, cónaitheach agus neamhchónaithe. Mar sin féin, tugtar isteach oibleagáidí nua agus níos leithne leis an EPBD leasaithe agus sainaitheann réimsí nua beartais agus gníomhaíochta a chumhdófar sna LTRSanna.

Ní mór do LTRSanna na mBallstát gnéithe atá ann cheana a chumhdach anois (féach Airteagal 4 den Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí) agus eilimintí nua (féach Airteagal 2a de EPBD). Athrú lárnach ba ea an oibleagáid a shonrú sna LTRSanna conas tacú le stoic náisiúnta foirgneamh a athchóiriú ina bhfoirgnimh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónaithe faoi 2050, rud a d'éascódh claochlú costéifeachtach na bhfoirgneamh atá ann cheana ina bhfoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de ('NZE'Banna').

Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit breithniú cúramach a dhéanamh ar na gnéithe nua ina bhfuil a gcuid straitéisí (e.g. na garspriocanna, na táscairí, an fhís fhadtéarmach, na pointí tionscanta, na foirgnimh is neamhfheidhmiúla, bochtaineacht fuinnimh agus teicneolaíochtaí cliste), chun a áirithiú go mbeidh na beartais agus na bearta ábhartha chomh héifeachtach agus

² Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2019 maidir le hathchóiriú foirgneamh (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad C(2019) 3352) (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.) C/2019/3352. IO L 127, 16.5.2019, lgh. 34-79

³ Moladh (AE) 2019/1019 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2019 maidir le nuachóiriú a thógáil (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE). C/2019/4135. IO L 165, 21.6.2019, lgh. 70-128

⁴ COM/2020/662 final. "Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú in 2021 ar na Treoracha maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Molfaidh sé oibleagáid níos láidre a thabhairt isteach maidir le Deimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh a bheith ann mar aon le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh éigeantacha a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe d'fhoirgnimh atá ann cheana. Molfaidh sé freisin na ceanglais maidir le hathchóiriú foirgneamh a leathnú go dtí leibhéal uile an riaracháin phoiblí. Sna measúnuithe tionchair a ghabhann leis na hathbhreithnithe reachtacha sin, déanfar roghanna éagsúla a mheas i dtéarmaí leibhéal, raon feidhme agus uainiú na gceanglas sin."

⁵ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12910-Energy-efficiency-Revision-of-the-Energy-Performance-of-Buildings-Directive_ga

is féidir.

Tá leathanach gréasáin curtha ar bun ag an gCoimisiún atá tiomnaithe do na LTRSanna⁶ agus d'fhoilsigh sé doiciméad inmheánach oibre i mí an Mhárta 2021 chun a réamh-mheasúnú ar 13 LTRS a chur i láthair⁷.

- Treochlár (Airteagal 2a(2))

Is gné éigeantach de na LTRSanna anois é treochlár. Áirítear ann “*bearta agus táscairí dul chun cinn intomhaiste a bhunaítear ar bhonn intíre, d’fhonn sprioc fhadtéarmach 2050 a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas a laghdú 80-95 % i gcomparáid le 1990*”.

- Oibleagáid maidir le rochtain ar shásraí a éascú chun tacú le leas a bhaint as infheistíochtaí (Airteagal 2a(3))

Leis an EPBD is déanaí, tugtar isteach oibleagáid ar na Ballstáit rochtain a éascú ar shásraí airgeadais chun tacú le hinfeistíochtaí a chur ar fáil chun an t-athchóiriú a chur i gcrích i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta. Leis an oibleagáid sin, cuirtear le hAirteagal 20 den EED, lena gceanglaítear ar na Ballstáit saoráidí maoinithe a bhunú, nó úsáid na saoráidí sin atá ann cheana a éascú, le haghaidh bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh. Ní raibh an fhoráil sin ann, áfach, faoi Airteagal 4 den Treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Chun a LTRSanna a chur chun cinn, beidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, rochtain a chruthú ar raon sásraí airgeadais chun tacú le hinfeistíochtaí a chur ar fáil.

- Comhairliúchán poiblí agus faireachán (Airteagal 2a(5))

Nuair a bheidh a LTRS á fhorbairt aige “*déanfaidh gach Ballstát comhairliúchán poiblí*”. Is gné nua é sin nach raibh ann faoin EED. Baineann an comhairliúchán leis an LTRS iomlán. Ós rud é gur féidir le comhairliúcháin phoiblí torthaí beartais a fheabhsú, déanann EPBD iad éigeantach, ach fágann sé faoi gach Ballstát formáid agus modh an chomhairliúcháin a chinneadh. Is féidir leis na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar ardán do gheallsealbhóirí a chur ar bun.

- Córais theicniúla foirgneamh (Airteagal 8)

Cuireann an t-athbhreithniú go mór leis an oibleagáid, nuair a bhíonn foirgnimh á n-athchóiriú nó á dtógáil, trealamh a shuiteáil a chuireann le táscairí leictrea-shoghluaisteachta agus ullmhachta cliste. Tá údar maith le forálacha den sórt sin, nach raibh ann i leagan 2010 de EPBD, mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an ngá atá le spásanna páirceála, cáblaí leictreacha agus stáisiúin luchtaithe d’fheithiclí leictreacha i bhfoirgnimh nua agus athchóirithe araon agus trí uirlisí nua a fhorbairt ar féidir leo fuinneamh a shábháil, amhail trealamh féinrialaithe chun seomra aonair a rialú agus iniúchtaí fisiciúla a athsholáthar le huathoibriú foirgneamh agus maoirseacht leictreonach ar chórais theicniúla foirgneamh.

- Bearta airgeadais (Airteagal 10(6))

Sa leagan a bhí ag EPBD roimhe seo, níor ceanglaíodh ar na Ballstáit “*ach na leibhéil feidhmíochta fuinnimh is fearr ó thaobh costais de a chur san áireamh agus dreasachtaí á gcur*

⁶ https://ec.europa.eu/energy/topics/energy-efficiency/energy-efficient-buildings/long-term-renovation-strategies_ga

⁷ DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN Réamhanailis ar straitéisí athchóirithe fadtéarmacha 13 mBallstát (SWD(2021) 69 final)

ar fáil le haghaidh tógáil nó athchóiriú mór foirgneamh". Tugtar sainordú le hathbhreithniú 2018 go ndéanfaidh siad *"a mbearta airgeadais chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh in athchóiriú foirgneamh a nascadh leis na coigiltis fuinnimh a bhfuiltear ag díriú orthu nó a bhaintear amach"* ach go lamhálann siad cineálacha éagsúla cur chuige chun é a bhaint amach agus go dtugann siad solúbthacht do na Ballstáit maidir lena chur chun feidhme de réir coinníollacha náisiúnta nó réigiúnacha.

- Bunachair sonraí le haghaidh Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh (EPCanna) (Airteagal 10(6ú))

Is ionstraimí tábhachtacha iad na EPCanna ar cheart dóibh rannchuidiú le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus le staid an fhoirgnimh a aithint agus tiarnaí talún agus tionóntaí a chur ar an eolas faoi na foirgnimh ina leith sin. Bhí sainordú tugtha cheana féin ag Airteagal 20(2) EPBD do na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoi na DFFanna agus faoi na tuarascálacha cigireachta, maidir lena gcuspóir agus a gcuspóirí, maidir leis na bealaí cost-éifeachtúla agus, i gcás inarb iomchuí, maidir leis na hionstraimí airgeadais a bhí ar fáil chun feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú d'úinéirí nó do thionóntaí na bhfoirgneamh. Mar sin féin, cuirtear le hAirteagal 10(6ú) EPBD nach mór do bhunachair sonraí DFF a cheadú sonraí tomhaltais (arna dtomhas nó arna ríomh) a bhailiú maidir leis na foirgnimh a chumhdaítear. Ní gá do na Ballstáit bunachair sonraí ná clár a bhunú. I gcás inarb ann do bhunachair sonraí den sórt sin nó ina dtugtar isteach é, ní mór do na Ballstáit an fhoráil nua seo a chomhlíonadh.

Tá tionchar measartha íseal ag DFFanna ar fud an Aontais, agus níl ach trí Bhallstát ann, agus níl sciar na dteaghaisí a chumhdaítear níos mó ná 15 % de stoc náisiúnta na bhfoirgneamh⁸.

- Sonraí comhiomlánaithe anaithnide: Airteagal 10(6b)

Leagtar amach san fhoráil shonrach sin *'go gcuirfeair ar fáil sonraí anaithnidithe comhiomlánaithe ar a laghad a chomhlíonann ceanglais an Aontais agus na ceanglais náisiúnta maidir le cosaint sonraí ar fáil arna iarraidh sin chun críocha staidrimh agus taighde agus d'úinéir an fhoirgnimh.'* Ní cheanglaítear leis an bhforáil seo orthu athruithe a dhéanamh ar na bunachair sonraí atá ann cheana, ach chun a áirithiú go gceadófar leis an gcreat reachtach na sonraí a chur ar fáil.

- Iniúchadh ar chórais téimh agus ar chórais aerchóirithe (Airteagal 14 agus Airteagal 15)

Chun feidhmíocht tosaigh agus leanúnach na gcóras téimh, na gcóras aerchóirithe agus na gcóras aerála a áirithiú, ba cheart scéimeanna iniúchta a dhearadh chun a gcuid torthaí a uasmhéadú. Le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 15 EPBD, leathnaítear raon feidhme na gcóras teicniúil foirgneamh faoi réir cigireachtaí rialta éigeantacha nó bearta malartacha. Ina theannta sin, leagtar síos leis na hAirteagail sin roghanna malartacha ar chigireachtaí atá bunaithe ar uathoibriú agus rialú nó faireachán leictreonach agus leagtar amach ceanglais nua maidir le suiteáil córas uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh i bhfoirgnimh neamhchónaithe áirithe. Léiríodh gurb éifeachtach an t-uathoibriú foirgnimh agus an faireachán leictreonach ar chórais theicniúla foirgneamh in ionad iniúchtaí. Áiríteofar le cur chun feidhme na gceanglas in Airteagal 14(4) agus in Airteagal 15(4) de EPBD go ndéanfar córais uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh a shuiteáil i bhfoirgnimh neamhchónaithe ina bhfuil aschur ráitithe éifeachtach teasa nó aerchóirithe os cionn tairseach áirithe, agus i gcás ina mbeidh sé sin indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch.

⁸ https://ec.europa.eu/energy/content/buildings-eps-registered_ga

- Faisnéis d'úinéirí nó do thionóntaí foirgneamh (Airteagal 20)

Leasaíodh Airteagal 20 chun soiléiriú a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil do thionóntaí nó d'úinéirí. Áirítear ar liosta na gcásanna anois oibleagáid chun faisnéis a chur ar fáil maidir le roghanna eile atá níos inbhuanaithe a chur in ionad coirí breosla iontaise. Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 20(2) “go gcuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fáil trí uirlisí comhairleacha inrochtana agus trédhearcacha amhail comhairle athchóirithe agus ionaid uileghnó”.

Measúnú ginearálta ar LTRSanna

- De réir réamh-mheasúnú an Choimisiúin, tá tacaíocht leathan ann do rochtain níos éasca ar mhaoiniú, do thacaíocht theicniúil, do chur chun cinn uirlisí comhairleacha amhail ionaid ilfhreastail, dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh agus faisnéis níos fearr.
- Mar sin féin, maidir le LTRSanna a cuireadh isteach go dtí seo, tá siad éagsúil ó thaobh iomláine na ngnéithe a éilíonn EPBD agus leibhéal uailmhéine na spriocanna agus na spriocanna athchóirithe i dtéarmaí cuspóirí agus leithdháileadh buiséid.
- Maidir leis an ngné chomhláine, agus ó thaobh na foirmiúlachta de, rinne LTRS riachtanais EPBD a urramú go ginearálta, ag soláthar faisnéise sna catagóirí éagsúla a iarrtar le hAirteagal 2a.
- Maidir le leibhéal uailmhéine na straitéisí, tá na Ballstáit tiomanta do chineálacha éagsúla garspriocanna táscacha do 2030, 2040 agus 2050, agus do shraitheanna éagsúla beart beartais agus leithdháiltí buiséid.
- Áirítear sna straitéisí cuspóir ag an bpointe um laghdú 90 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nó os a chionn, cuspóir atá i gcomhréir le ceanglas dlíthiúil Airteagal 2a EPBD, lena gceanglaítear ar na Ballstáit sprioc fhadtéarmach do 2050 a shocrú, is é sin astaíochtaí GCT a laghdú 80-95 % i gcomparáid le 1990.
- Maidir leis an modh chun an cuspóir sin a bhaint amach, is cosúil go gcuireann formhór na straitéisí iarracht níos mó chun córais soláthair fuinnimh a dhícharbónú agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, seachas feabhas gníomhach a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, agus tomhaltas fuinnimh na hearnála sin á laghdú tríd is tríd.
- Maidir le gráinneacht na straitéisí, athraíonn an leibhéal sonraí a chuirtear ar fáil ó dhoiciméad amháin go doiciméad eile. Tá an tAirmheán Comhphárteach Taighde ag obair faoi láthair ar sheiceáil chuimsitheach ar iomláine; foilseofar é sin go comhlántach le measúnú an Choimisiúin a luaithe a bheidh na straitéisí go léir curtha isteach.
- Ina theannta sin, bíonn éagsúlacht idir na sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil agus bíonn sé deacair comparáid bheacht a dhéanamh idir éifeacht na mbeart náisiúnta éagsúil. Go háirithe, níl na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha uile ag soláthar sonraí maidir le laghdú GCT, rud a fhágann go bhfuil sé deacair uailmhian na straitéisí a mheas ó thaobh maolú ar an athrú aeráide de. Tá bearnaí suntasacha ann freisin i gcostais athchóirithe ar fud na mBallstát nach mbíonn sé éasca i gcónaí údar cuí a thabhairt ina leith.
- Maidir lena gcomhleanúnachas foriomlán idir gealltanais agus cistiú, teipeann ar na straitéisí sonraí leordhóthanacha a sholáthar le linn na tréimhse go dtí 2050 chun gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar cibé an bhfuil na beartais agus na socrúithe airgeadais tacaíochta leordhóthanach chun na spriocanna a bhaint amach.
- Thíolaic a lán Ballstát a gcuid LTRSanna déanach, rud is féidir a mhíniú go páirteach le géarchéim COVID-19 agus leis an ngá atá ag na Ballstáit pleananna náisiúnta a chur

ar fáil freisin faoin tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneachta lena ndéantar comhpháirt láidir athchóirithe foirgneamh a chomhtháthú. Amhail ón 21 Meitheamh 2021, níor thíolaic 2 Bhallstát a LTRSanna (an Pholainn; Málta)

- Léirítear go láidir sna haighneachtaí luatha ó LTRS go bhfuil roinnt Ballstát toilteanach gníomhú go gasta i dtreo a straitéis athchóirithe a chur chun feidhme, beag beann ar an gcomhthéacs domhanda.
- Thar na cúinsí a bhí ann le míonna beaga anuas, is cosúil go léiríonn na tuairimí sin treocht dhomhain na n-aighneachtaí déanacha agus straitéisí neamhiomlána nó neamhchomhlíontacha ó 2014 i leith. Is cosúil go gcaitheann roinnt Ballstát le LTRS a fhorbairt mar oibleagáid, seachas fíoruirilis straitéiseach ar an leibhéal náisiúnta chun na sochair eacnamaíocha agus shóisialta a bhaint amach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar fhoirgnimh dhícharbónaithe agus shláintiúla ó thaobh fuinnimh de. Ach tá an próiseas sin i bhfad níos tábhachtaí anois ná mar a bhí roimhe seo, mar gur cheart go mbeadh an Coimisiún in ann na LTRSanna a úsáid chun a chinneadh an féidir le beartais ar an leibhéal náisiúnta spriocanna foriomlána AE a bhaint amach agus, dá bhrí sin, na nithe is gá a bheith i reachtaíocht nua AE.
- Maidir le huainiú chur isteach na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha ag na Ballstáit, ar staitéisí iad atá scaipthe thar an mbliain iomlán 2020 agus nár tugadh chun críche fós (féach thuas), laghdaíodh inchomparáideacht na bpleananna a forbraíodh i mBallstáit éagsúla go suntasach. Le haighneachtaí déanacha go deimhin, d'fhéadfaí géarchéim COVID-19 agus na tionscnaimh bheartais is déanaí de chuid an Aontais, amhail an rabharta athchóiriúcháin, a chur san áireamh ina straitéis.
- Thairis sin, tá cuspóirí LTRS (a thuairiscítear in Airteagal 2a EPBD) mí-ailínithe anois le cuspóir neartaithe Sprioc Aeráide 2030 an Aontais agus le cuspóir neodracht aeráide 2050 de chuid AE. Tá an baol ann, dá bhrí sin, nach dócha go gcuirfidh na beartais agus na bearta atá beartaithe faoi LTRS dlús suntasach leis an ráta agus doimhneacht an athchóirithe de réir mar is gá (rud a dhéanadh dubailt ar an ráta reatha ó tháinig ón straitéis 'rabharta athchóiriúcháin', a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020, ina leagtar síos an sprioc na rátaí athchóirithe bliantúla in AE a mhéadú ó 1 % go 2 % sna deich mbliana atá romhainn, agus borradh a chur faoi 'athchóirithe doimhne').
- Ba cheart don Choimisiún Eorpach dlúthfhaireachán a dhéanamh féachaint an bhfuil LTRS ag teacht leis an rabharta athchóiriúcháin agus leis na spriocanna nua. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar LTRSanna na mBallstát uile ní hamháin i gcomhréir le téacs dlíthiúil EPBD 2a, ach freisin i bhfianaise ailíniú a dhéanamh leis an gcuspoir neodracht aeráide faoi 2050 (rud a chiallaíonn cuspóir níos airde dícharbónú agus béim níos láidre ar an éileamh ar fhuinneamh in earnáil na bhfoirgneamh a laghdú), agus treoir a thabhairt do na Ballstáit dá réir sin don chéad nuashonrú eile a bheidh acu ar LTRS a bheidh dlite faoi 2024 ar a dhéanaí.

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (2021/2077(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194 de,
- ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le huasmhéadú a dhéanamh ar acmhainneacht ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh i ndáil le stoc foirgneamh AE¹,
- ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách²,
- ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2021 maidir straitéis Eorpach i ndáil le comhtháthú córas fuinnimh³,
- ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2021 maidir le Straitéis Eorpach i ndáil le Hidrigin⁴,
- ag féachaint do Threoir 2010/31/AE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh⁵ (an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh),
- ag féachaint do Threoir 2012/27/AE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE⁶ (an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh),
- ag féachaint do Threoir 2014/94/AE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagair breoslaí malartacha a chur in úsáid⁷, agus dá hathbhreithniú atá beartaithe,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeáin feidhmíochta astaíochta CO₂ do ghluaisistéáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua⁸ agus don togra ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 chun Rialachán (AE) 2019/631 a leasú maidir le neartú a dhéanamh ar na caighdeáin thuasluaite i gcomhréir leis an méadú atá tagtha ar uailmhian an Aontais i ndáil leis an aeráid (COM(2021)0556),

¹ IO C 385, 22.9.2021, lch. 68.

² IO C 456, 10.11.2021, lch. 145.

³ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0240.

⁴ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0241.

⁵ IO L 153, 18.6.2010, lch. 13.

⁶ IO L 315, 14.11.2012, lch. 1.

⁷ IO L 307, 28.10.2014, lch. 1.

⁸ IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

- ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('an Dlí Aeráide Eorpach')⁹,
- ag féachaint do Mholadh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2019 maidir le hathchóiriú foirgneamh¹⁰,
- ag féachaint do Mholadh (AE) 2019/1019 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2019 maidir le nuachóiriú foirgneamh¹¹,
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640), agus do rún ón bParlaimint an 15 Eanáir 2020¹² maidir leis,
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach – i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche (COM(2020)0098),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rabharta athchóiriúcháin don Eoraip – glasú na bhfoirgneamh seo againne, cruthú post agus feabhsú na cáilíochta saoil (COM(2020)0662),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí] (COM(2020)0789),
- ag féachaint do theachtairacht ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 maidir le Straitéis maidir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú (COM(2021)0390),
- ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 25 Márta 2021, dar teideal *Preliminary analysis of the long-term renovation strategies of 13 Member States* [Réamhanailís ar straitéisí athchóirithe fadtéarmacha 13 Bhallstát] (SWD(2021)0069),
- ag féachaint don phacáiste Oiriúnach do 55, a foilsíodh le déanaí,
- ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,
- ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,
- ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um

⁹ IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

¹⁰ IO L 127, 16.5.2019, lch. 34.

¹¹ IO L 165, 21.6.2019, lch. 70.

¹² IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.

Fhuinneamh (A9-0321/2021),

- A. de bhrí go bhfuil foirgnimh freagrach as 36 % d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) agus de bhrí go bhfuil earnáil an athchóirithe foirgneamh ar cheann de na príomhréimsí chun GCTanna a laghdú agus chun neodracht aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach;
- B. de bhrí go mbeidh athchóiriú domhain agus athchóiriú domhain céimneach ar an 210 milliún foirgneamh atá ann cheana ríthábhachtach d'aon straitéis áititheach, ós rud é gurb iad sin na foirgnimh is neamhéifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus go bhféadfadh go mbeadh athchóiriú de dhíth ar suas le 110 milliún foirgneamh¹³;
- C. de bhrí nach raibh 6 % de theaghlaigh AE in ann a mbillí fónais a íoc in 2019; de bhrí gur féidir tionchar dearfach a bheith ag éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh maidir le bochtaineacht fuinnimh a chomhrac;
- D. de bhrí go bhfuil an ráta athchóirithe foirgneamh an-íseal faoi láthair ag thart ar 1 % in aghaidh na bliana agus gurb é ráta na n-athchóirithe doimhne 0.2 % in aghaidh na bliana. de bhrí nach gcumhdaíonn cláir athchóirithe feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus méaduithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcónaí;
- E. de bhrí, i gcomhréir leis an sainmhíniú ar Airteagal 2(18) de Dhlí Aeráide na hEorpa, gur treoirphrionsabal é 'tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh' do bheartas fuinnimh AE chun go mbeidh an t-éileamh ar fhuinneamh agus an soláthar fuinnimh níos éifeachtúla, go háirithe trí choigiltis úsáide deiridh fuinnimh cost-éifeactacha, trí thionscnaimh chun freagairt don éileamh agus trí fhuinneamh a thiontú, a tharchur agus a dháileadh ar bhealach níos éifeachtúla;
- F. de bhrí, de réir measúnú ón gCoimisiún, gurb ionann téamh agus uisce te amháin agus 79 % d'úsáid fuinnimh deiridh iomlán i dteaghlaigh AE (192.5 Mtoe)¹⁴;
- G. de bhrí gurb é ab aidhm leis an athbhreithniú is déanaí ar EPBD in 2018 le Treoir (AE) 2018/844¹⁵ dlús a chur le hathchóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana faoi 2050, agus tacú le nuachóiriú na bhfoirgneamh uile le teicneolaíochtaí cliste agus nasc níos soiléire leis an tsoghluaisteacht ghlan, agus timpeallacht chobhsaí a chur ar fáil do chinntí infheistíochta agus a chur ar chumas tomhaltóirí agus gnólachtaí roghanna níos eolasaí a dhéanamh chun fuinneamh agus airgead a shábháil;
- H. de bhrí, ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar EPBD, gur ghlac AE an cuspóir neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí;
- I. de bhrí go dtugann EPBD sainordú do na Ballstáit straitéisí athchóirithe fadtéarmacha (LTRSanna) a ghlacadh, ach gan oibleagáid a chur orthu athchóiriú a dhéanamh ná a thaispeáint dóibh conas déanamh amhlaidh, agus nach dtugann sé bealaí éifeactacha

¹³ Ard-Stiúrthóireacht Pharlaimint na hEorpa um Beartais Inmheánacha, an Roinn Beartais um Beartas Eacnamaíoch agus Eolaíochta, *Boosting Building Renovation [an tAthchóiriú Foirgneamh a Spreagadh]: What Potential and Value for Europe? [Cén Acmhainneacht agus cén Luach don Eoraip?]*, Deireadh Fómhair 2016.

¹⁴ Staidéar dar teideal 'Mapáil agus anailís ar úsáid breosla téimh/fuaraithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo (2020-2030) (foinsí iontaise/in-athnuaite fuinnimh)', Márta 2017.

¹⁵ IO L 156, 19.6.2018, lch. 75.

dóibh chun a straitéisí a sheiceáil i gcoinne na dtorthaí a fuarthas;

- J. de bhrí gur cheart do LTRSanna tacaíocht leormhaith a thabhairt d'fheidhmíocht fuinnimh na tithíochta sóisialta;
- K. de bhrí nach ndearnadh na bearta maidir le huathoibriú foirgnimh agus maidir leis an gcóras rialaithe a áirítear in EPBD athbhreithnithe a thrasú go hiomlán go fóill sna Ballstáit; de bhrí go gcruthódh cur chun feidhme níos mó cinnteachta d'infheisteoirí agus do ghairmithe;
- L. de bhrí go gceanglaítear leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ar na Ballstáit measúnuithe cuimsitheacha a dhéanamh ar théamh agus ar fhuarú éifeachtúil agus inathnuaithe d'fhonn an acmhainneacht maidir le réitigh téimh agus fuaraithe in earnáil na tógála a shainathint agus beartais a mholadh chun éifeachtúlacht agus acmhainneacht inathnuaithe a sholáthar;
- M. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag tionscnamh nua Bauhaus na hEorpa deireadh a chur leis an deighilt idir dearadh agus feidhm, maireachtáil inbhuanaithe, úsáid chliste acmhainní, agus réitigh nuálacha agus chuimsitheacha;
- N. de bhrí go bhfuil cistiú agus maoiniú leormhaith rithábhachtach chun leas a bhaint as an Rabharta Athchóiriúcháin; de bhrí gur limistéar suaitheanta é an t-athchóiriú d'infheistíocht agus d'athchóiriú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;
- O. de bhrí go bhfuil feithiclí leictreacha (EVanna) ina ngné thábhachtach den aistriú chuig fuinneamh glan ag AE bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, ar fhuinneamh inathnuaithe, ar bhreoslaí malartacha agus ar réitigh nuálacha chun an tsolúbthacht fuinnimh a bhainistiú agus chun cuspóir na haeráidneodrachta a ghnóthú faoi 2050 ar a dhéanaí;
- P. de bhrí go gcomhlánaíonn EPBD Treoir 2014/94/AE maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid trí bhunús dlí a sholáthar chun pointí athluchtaithe a úsáid i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe; de bhrí go bhfuil ról lárnach ag EPBD ar leibhéal AE chun tacú le hathluchtú cliste príobháideach, i bhfianaise gur dócha go dtarlóidh formhór an athluchtaithe i suíomhanna príobháideacha agus ar láithreáin neamhchónaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu;
- Q. de bhrí gur minic a bhíonn feidhmeanna éagsúla agus ceanglais theicniúla éagsúla ag luchtairí príobháideacha EV leis na feidhmeanna agus ceanglais theicniúla ag pointí luchtaithe poiblí, mar go soláthraítear níos lú cumhachta dóibh agus go n-úsáidtear iad le haghaidh tréimhsí luchtaithe níos faide, cé go bhfuil siad fanta den chuid is mó ar an gceineál modha luchtaithe is inacmhainne;
- R. de bhrí go mbeadh gá le léiriú in EPBD ar na ceanglais le go ndéanfaí líon íosta pointí athluchtaithe a shuiteáil i gcomhair spásanna páirceála foirgneamh trí shainordú a thabhairt maidir le himscaradh a dhéanamh ar réamhcháblú leordhóthanach le haghaidh luchtú EV; de bhrí nach mór do na Ballstát íoscheanglas a shainiú do phointí athluchtaithe do gach foirgneamh neamhchónaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, ó 2025, ar foirgnimh iad ag a bhfuil níos mó ná 20 spás páirceála, de réir na gcoinníollacha ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

Barúlacha

1. á thabhairt chun suntais gur gá forálacha Airteagal 2a de EPBD a neartú agus a chur chun feidhme go héifeachtach chun a áirithiú go gcuideoidh earnáil na tógála go rathúil le laghdú 55 % GCT ar a laghad a bhaint amach faoi 2030 agus le sprioc an Aontais maidir le neodracht aeráide faoi 2050 ar a dhéanaí; á chreidiúint go mbeidh gá freisin le príomhspríocanna agus le príomh-gharspríocanna idirmheánacha agus le táscairí EPBD a oiriúnú dá réir sin, ós rud é nach bhfuil na LTRSanna ar na leibhéil is gá faoi láthair chun cuspóirí EPBD a bhaint amach;
2. á chur i bhfáth gur cheart do EPBD, agus do LTRSanna mionsonraithe, a bheith ina spreagadh chun cur le scála, luas, doimhneacht agus cáilíocht athchóiriú stoc foirgneamh AE trí bhearta nua nuálacha beartais, mar a mholtar sa Rabharta Athchórúcháin;
3. á chur in iúl gur oth léi gur thíolaic roinnt Ballstát a LTRSanna go déanach agus nár thíolaic Ballstát amháin a LTRSanna fós fiú; á chur i bhfios gur deacair, dá thoradh sin, pleananna na mBallstát a chur i gcomparáid le chéile; ag cur béim ar an bhfioras dearfach gurbh fhéidir le haighneachtaí déanacha naisc le pleananna téarnaimh náisiúnta a glacadh mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19 a áireamh agus na tionscnaimh bheartais is déanaí de chuid an Aontais amhail an Comhaontú Glas agus an Rabharta Athchórúcháin; á thabhairt dá haire, áfach, gur chruthaigh sé sin éagothromaíochtaí idir na Ballstáit sin a thíolaic a LTRSanna roimh a bpleananna téarnaimh paindéime;
4. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé acmhainní leormhaithe airgeadais a chur ar fáil trí NextGenerationEU i réimse na feidhmíochta athchóirithe agus fuinnimh agus éifeachtúlacht foirgneamh; á chreidiúint gurb ionann athchóiriú foirgneamh a nascadh le cistí téarnaimh agus deis eacnamaíoch agus bealach do na Ballstáit astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;
5. ag tabhairt dá haire go bhfuil ceanglais Airteagal 2a de EPBD á n-urramú go ginearálta ag na LTRSanna a tíolacadh, lena gcuirtear faisnéis ar fáil maidir leis na catagóirí éagsúla a leagtar síos ann; á chur in iúl gur oth léi, áfach, go n-athraíonn leibhéal na sonraí agus leibhéal na huailmhéine ó LTRS amháin go chéile; á chur in iúl gur oth léi nár shocraigh roinnt Ballstát garspríocanna soiléire do 2030, 2040 agus 2050 mar a cheanglaítear le hAirteagal 2a; á chur in iúl gur oth léi, thairis sin, nach soláthraíonn na LTRSanna go léir sonraí maidir le laghdú GCT, rud a fhágann go bhfuil sé deacair uailmhian na straitéisí a mheas ó thaobh maolú ar an athrú aeráide de. á chreidiúint gur cheart go n-oibreodh na LTRSanna chun bearta soiléire agus uirlisí faireacháin a chruthú chun an ráta bliantúil athchóirithe a mhéadú faoi thrí, agus na pointí tosaigh éagsúla agus stoic tógála ar fud na mBallstát á gcur san áireamh;
6. á thabhairt le fios gur dhírigh na Ballstáit go ginearálta ar dhícharbónú córas soláthair fuinnimh agus ar astaíochtaí GCT, seachas bearta agus beartais thiomnaithe a fhorbairt go gníomhach atá dírithe ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú trí chéad phrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm agus ar an gcaoi sin tomhaltas fuinnimh foriomlán san earnáil a laghdú mar chuid de chur chuige comhtháite córas i leith an fhuinnimh; á chur i bhfáth gur cheart éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a uasmhéadú ar fud an tslabhra luacha fuinnimh ina iomláine, lena n-áirítear leictreachas, teas agus gás, agus ní hamháin i gcás foirgneamh aonair;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán gear a dhéanamh féachaint an bhfuil cuspóirí na LTRSanna ailínithe leis an Wave Athchóirithe, leis na measúnuithe cuimsitheacha ar théamh agus fuarú a cheanglaítear leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite¹⁶, agus leis na spriocanna nua aeráide agus fuinnimh do gach Ballstát de réir a stoic foirgneamh;
8. á iarraidh ar na Ballstáit athchóiriú a chothú lena dtugtar tús áite do chomhtháthú an chórais fuinnimh d'fhoinsí in-athnuaite i bhfoirgnimh, amhail bonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil, stóráil theirmeach agus nascadh le heangacha cliste; ag spreagadh na mBallstáit agus an Choimisiúin comhroinnt dea-chleachtas a chur chun cinn;
9. á chreidiúint, maidir le rannpháirtíocht na saoránach san aistriú glas agus in athchóiriú foirgneamh, go bhfuil ríthábhachtach chun go n-éireoidh leo; á chur i bhfáth gur féidir le saineolaithe a bheith rannpháirteach agus leas a bhaint as saineolas poiblí cabhrú le feabhas a chur ar an gcur chun feidhme; á iarraidh ar na Ballstáit trédhearcacht leordhóthanach a chur ar fáil le linn an phróisis comhairliúcháin poiblí maidir le LTRSanna agus a áirithiú go mbeidh an próiseas cuimsitheach trí rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha go léir a éascú i gcomhréir le riachtanais shonracha EPBD;
10. á chur in iúl gur oth léi nár bhain an tAontas a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh amach in 2020; á thabhairt chun suntais go bhfuil bearna chomhchoiteann uailmhéine ann i dtéarmaí rannchuidithe náisiúnta faoi na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide chun an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach in 2030 agus go mbeidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, dlús suntasach a chur lena n-iarrachtaí;
11. á thabhairt dá haire gur gníomhaíocht chasta í an tógáil a éilíonn dlúthchomhar idir líon mór gairmithe agus ceardaithe agus atá ag brath ar réimse leathan teicnící agus ábhar tógála a úsáid; á chreidiúint gur gá leis an athbhreithniú ar EPBD go ndéanfar an idirghníomhaíocht le beartais tógála inbhuanaithe eile agus neodracht ábhair a mheas chun foirgnimh na hEorpa a dhícharbónú go héifeachtúil;
12. ag cur béim ar a thábhachtaí atá an inbhuanaitheacht in úsáid ábhar agus i dtomhaltas acmhainní saolré foirgnimh, ó eastóscadh, tógáil agus úsáid ábhair, go dtí deireadh úsáide agus scartáil chomh maith le hathchúrsáil agus athúsáid, lena n-áirítear ábhair in-athnuaite agus inbhuanaithe nádúrghnaithe; á thabhairt chun suntais, thairis sin, gur cheart don phleanáil tógála an geilleagar ciorclach a úsáid le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas tógála;
13. ag tacú le húsáid ábhar tógála inbhuanaithe, nuálach agus neamhthocsaineach agus ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé ciorclaíocht ábhar tógála a neartú trí chóras lipéadaithe don gheilleagar ciorclach a chur chun feidhme nó a chruthú, ar córas é a bheidh bunaithe ar chaighdeáin chomhshaoil agus ar chritéir shonracha d'ábhair áirithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar ábhair inbhuanaithe agus ar phróisis inbhuanaithe; á thabhairt chun suntais gur féidir ról a bheith ag ábhair adhmadbhunaithe chun ionadú a dhéanamh ar roghanna malartacha iontaise-bhunaithe i dtógáil foirgneamh agus ag cur béim ar a n-acmhainneacht fhadtéarmach stórála carbóin;

¹⁶ IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

14. á aithint, cé go bhfuil an buntáiste ag baint le hathchóiriú domhain as athrú iomlánaíoch a bhaint amach i bhfeidhmíocht fuinnimh foirgneamh, gur féidir bearta athchóirithe nach bhfuil chomh suaiteach agus níos costéifeachtaí a bheith ann mar thoradh ar athchóirithe céimneacha agus doimhne céimneacha trína n-ailíniú le ‘pointí tionscanta’; á thabhairt dá haire go n-eascaíonn na hócáidí sin as deiseanna praiticiúla, cúinsí pearsanta, athrú úinéireachta nó athrú tionónta ar réadmhaoín chíos; ag spreagadh na mBallstát breithniú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfaí ‘pointí tionscanta’ a úsáid chun athchóirithe a dhreasú; ag tabhairt dá haire nach bhfuil athchóirithe aon chéime nó céimneacha san iomaíocht lena chéile, ach gur réitigh oiriúnacha iad araon ag brath ar an gcás faoi leith; á chreidiúint nach mór athchóirithe céimneacha agus doimhne céimneacha a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin dhoimhne athchóirithe chun éifeachtaí glasála a sheachaint trína áirithiú go ndéanfar treochlár athchóirithe foirgneamh;
15. ag tabhairt dá haire gur de chineál cáilíochtúil é an sainmhíniú atá ann faoi láthair ar fhoirgnimh atá neodrach, nach mór, ó thaobh fuinnimh de agus go bhfágtar corrlach lánroghnach leathan ag na Ballstáit chun caighdeáin a leagan síos dá réir; á iarraidh ar an gCoimisiún caighdeán ‘domhain athchóirithe’ a thabhairt isteach chun coigiltis fuinnimh agus laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach chomh maith le sainmhíniú comhchuibhithe ar fhoirgnimh atá nach neodrach, nach mór, ó thaobh fuinnimh de;
16. á chreidiúint gur cheart go dtabharfaí aghaidh ar shábháilteacht ó dhóiteáin agus ar na rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht sheismeach dhian, a bhfuil tionchar acu ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar shaolré foirgneamh, le hathchóiriú agus le caighdeáin le haghaidh foirgneamh nua agus gur cheart go n-áireofaí leo caighdeáin arda maidir le sláinte; á iarraidh ar na Ballstáit córas cigireachta leictreachais a fhorbairt i bhfianaise go bhfuil foinse leictreach ag 30 % de na dóiteáin tí agus ag 50 % de na dóiteáin thimpisteacha¹⁷; á chreidiúint gur cheart seiceálacha sábháilteachta leictreice agus uasghráduithe a bheith mar chuid d’athchóiriú ar stoc Eorpach na bhfoirgneamh agus gur cheart a áirithiú gur leor an aeráil le haghaidh deataigh i gcás dóiteáin; á chur i bhfios go láidir gur cheart do LTRSanna cur freisin le hathneartú statach agus struchtúrach stoc tógála;
17. á athdhearbhú gur gá a chur san áireamh go bhfuil táirgí aispeiste i bhfoirgnimh ina bhfuil aispeist agus gur gá na táirgí sin a bhaint agus foirgnimh a chosaint ó astú aispeiste isteach sa chomhshaol nuair a dhéantar iad a uasghrádú chun críocho éifeachtúlachta fuinnimh¹⁸;
18. á chur in iúl gur oth léi go ndeachaigh an spriodháta chun EPBD a thrasú in éag an 10 Márta 2020, agus nár chuir roinnt Ballstát an reachtaíocht sin chun feidhme ina hiomláine fós;
19. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé dreasachtaí leormhaithe a chur ar bun chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh chomh maith le bearta airgeadais a bheidh coinníollach ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus coigiltis fuinnimh, i gcomhréir le hAirteagal

¹⁷ Fóram Eorpach um Shábháilteacht Leictreach Tí (FEEDS), ‘Sa nuacht: iarrann Parlaimint na hEorpa ar na Ballstáit córas cigireachta leictreachais a fhorbairt’.

¹⁸ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le hoibrithe a chosaint, Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0427.

10(6) de EPDB agus d'fhonn inacmhainneacht athchóirithe a áirithiú;

20. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé faisnéis shoiléir agus chruinn a bheith ann maidir le feidhmíocht fuinnimh agus costais fuinnimh do cheannaitheoirí ionchasacha agus do thionóntaí ionchasacha; á aithint go bhfuil gá le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh (EPCanna) a fheabhsú agus a chomhchuibhiú ar bhealach níos fearr ar fud na mBallstát chun iad a dhéanamh níos fusa comparáid a dhéanamh eatarthu, ar chaighdeán níos fearr agus níos iontaoifa, agus na pointí tosaigh éagsúla agus stoic tógála éagsúla ar fud na mBallstát á gcur san áireamh freisin; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh sé níos éasca na EPCanna a rochtain agus a léamh, gur cheart faisnéis phraiticiúil maidir le fíorfheidhmíocht fuinnimh a thaispeáint, go háirithe maidir le lorg iarbhír carbóin foirgnimh, agus gur cheart dóibh faisnéis ón margadh áitiúil ar leibhéal AE a chomhtháthú chomh maith le faisnéis maidir le paraiméadair cáilíocht an chomhshaoil laistigh amhail compord teirmeach; á thabhairt chun suntais go bhféadfaí EPCanna a úsáid, dá bhrí sin, le haghaidh seirbhísí roghnacha chun freagairt don éileamh mar thagairt do bhearta rialála, do chláir mhaoiniúcháin agus do bheartais athchóirithe chomhtháite;
21. ag cur béim ar an mbearna idir feidhmíocht fíorfhuinnimh agus feidhmíocht a ríomhtar trí na EPCanna, rud is cúis le mearbhall d'úsáideoirí EPC; ag cur béim an ngá atá leis an bpas athchóirithe foirgneamh, an logleabhar digiteach d'fhoirgneamh agus táscaire ullmhachta cliste (SRI) a chomhtháthú laistigh de chreat EPC chun iolrú uirlisí a sheachaint agus chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt do thomhaltóirí; á chreidiúint go n-éascófar athchóiriú leis sin, go méadófar a dhoimhneacht, go n-áiritheofar comhordú idir na bearta éagsúla thar am, agus go ngabfar tairbhí iomadúla leis;
22. á mheabhrú gur cheart go n-áireofaí le LTRSanna na tairbhí níos leithne a bhaineann le hathchóiriú amhail sláinte, sábháilteacht, compord teirmeach agus cáilíocht an aeir laistigh; ag tabhairt dá haire, de réir staidéar ón gCoimisiún¹⁹, gurb í an tsláinte an phríomhdhreasacht a bhí ag úinéirí tí príobháideacha agus athchóiriú fuinnimh á dhéanamh acu, agus nasc soiléir idir cáilíocht bhaile, bochtaineacht fuinnimh agus sláinte; á chreidiúint gur cheart cáilíocht an aeir laistigh a áireamh nuair a chuireann na Ballstáit athchóiriú foirgneamh chun cinn trí scéimeanna dreasachta poiblí agus feachtais faisnéise, i measc tionscnaimh eile; ag spreagadh na mBallstát feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le paraiméadair cáilíochta comhshaoil laistigh d'fhonn íoschaighdeán cáilíochta comhshaoil a fhorbairt laistigh;
23. á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé go gcruthófaí leis na spriocanna uailmhianacha le haghaidh athchóiriú domhain agus céimneach a dhéanamh ar an stoc foirgneamh atá ann cheana, 2 mhilliún post áitiúil²⁰, poist áitiúla neamh-in-seachfhoinsithe, den chuid is mó, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, agus go fuinneamh glan inacmhainne a chur ar fáil do thomhaltóirí agus feabhas a chur ar dhálaí maireachtála áititheoirí;

¹⁹ *Comprehensive study of building energy renovation activities and the uptake of nearly zero-energy buildings in the EU*, November 2019 [Staidéar cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí athchóirithe fuinnimh foirgneamh agus glacadh foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh in AE, Samhain 2019].

²⁰ and deliver improvements to occupants' living conditions Teachtaireacht an 27 Bealtaine 2020 dar teideal 'Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation [Deis na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile] (COM(2020)0456),

24. á mheabhrú nach mór d'fhoirgnimh phoiblí a bheith chun tosaigh maidir le rátaí athchóirithe agus maidir le dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh agus éifeachtúlacht costais a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin cur le feasacht agus glacadh i measc an phobail i gcoitinne;
25. ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfí tionscnamh scileanna an Aontais chun cinn, lena n-áirítear gnéithe chun cuimsitheacht inscne a spreagadh, mar aon le hiarrachtaí náisiúnta chun a chur ar chumas idirghabhálaithe amhail suiteálaithe, ailtirí nó conraitheoirí comhairle a chur ar fáil, réitigh riachtanacha a fhorordú nó a shuiteáil, lena n-áirítear réitigh dhigiteacha, chun cláir éifeachtúlachta fuinnimh agus stoc dícharbónaithe foirgneamh a sholáthar, chomh maith le díriú ar na gníomhaithe uile atá rannpháirteach in earnáil na tógála a uasoiliúint agus a athoiliúint; á mheas gur gá do na Ballstáit nasc soiléir a chur ar fáil idir a LTRSanna náisiúnta agus tionscnaimh leormhaithe chun scileanna agus oideachas a chur chun cinn in earnáil na tógála agus in earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh;
26. á chreidiúint, mar gheall ar phrionsabail na héifeachtúlachta costais agus na neodrachtachta costais trína ndéantar méaduithe cíosa a chothromú le coigilteas fuinnimh, go laghdófar billí fuinnimh do thomhaltóirí úsáide deiridh; á mholadh do na Ballstáit go n-áireoidís go córasach ina LTRSanna beartais agus gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus leis na foirgnimh is measa feidhmíocht ina stoic náisiúnta foirgneamh agus chun cur i gcoinne saobhadh margaidh agus éadálacha amhantracha as a n-eascaíonn cíosa níos airde, a dhéanann difear díréireach do thionóntaí ar ioncam íseal; á mheabhrú gur féidir an t-ualach a chuireann éagsúlacht sna margaí fuinnimh ar na tomhaltóirí is leochailí a laghdú go suntasach trí fheabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh; ag leagan béim ar an ngá atá le tacaíocht agus sásraí solúbtha airgeadais a áirithiú do na tomhaltóirí sin chun cabhrú le dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh; ag tabhairt dá haire, áfach, gur cheart breathnú ar dhreasachtaí chun costais athchóirithe a laghdú do spriocghrúpaí sonracha agus d'earnálacha sonracha;
27. á thabhairt chun suntais gur cheart do EPBD a áirithiú go ndéanfar toradh ar infheistíocht a chur ar fáil le hathchóiriú d'úinéirí tí agus d'úinéirí foirgneamh trí fhíorfheabhsuithe tomhaiste a bhunú i bhfeidhmíocht fuinnimh foirgneamh; á chur i bhfios go láidir, trí leas a bhaint as cur chuige bunaithe ar an bhfuinneamh a shábhálfar mar thoradh ar athchóiriú, go ndéanfar costas a bhrú síos agus go ndéanfar doimhne, cáilíocht agus scála na n-iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú d'fhoirgnimh atá ann cheana; á iarraidh ar an gCoimisiún a fhiosrú an bhfuil athbhreithniú ar an leibhéal atá barrmhaith ó thaobh costais de, mar a shainítear in Airteagal 2(14), ina chuid riachtanach den athbhreithniú ar EPBD;
28. á chur in iúl gur geal léi an rath coibhneasta a bhí ar 'ionaid uileghnó' agus ag cur béim ar an ról rithábhachtach is féidir a bheith acu maidir le tionscadail ionchasacha a nascadh le gníomhaithe margaidh, lena n-áirítear saoránaigh, údaráis phoiblí agus forbróirí tionscadal, go háirithe forbróirí tionscadal ar scála níos lú; ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon chomhthuiscint ann maidir le cad is ionad uileghnó ann, ós rud é nach ionann na samhlacha atá ann cheana ar fud AE ó thaobh struchtúr, bhainistiú agus chineál an chúnamh a chuirtear ar fáil; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé feasacht na n-ionad uileghnó a mhéadú, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach; a chur i bhfáth go bhféadfadh ról nach beag a bheith ag ionaid uileghnó i

ndáil le dul i ngleic le nósanna imeachta fada agus anásta maidir le ceadanna agus i ndáil le rochtain ar mhaoiniú a chur chun cinn d'athchóiriú foirgneamh, rud a chuideodh le faisnéis a scaipeadh maidir le téarmaí agus coinníollacha; á chreidiúint gur cheart d'ionaid uileghnó comhairle agus tacaíocht a thabhairt do thithe aonteaghlaigh agus d'fhoirgnimh ilaonad araon agus gur cheart dóibh tacaíocht a chur ar fáil do shuiteálaithe creidiúnaithe;

29. á mheabhrú go leagtar amach in Airteagal 19 EPBD clásal athbhreithnithe, lena n-áirítear meastóireacht *ex post* atá le déanamh faoi 2026 ar a dhéanaí; á chur i bhfios go láidir gur cheart, dá thairbhe sin, go bhféadfaí ceachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme EPBD agus gur cheart go bhfónfadh sé chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ar fud an Aontais maidir lena chur i bhfeidhm;

Moltaí

30. á chur i bhfáth go bhfuil EPBD ríthábhachtach chun an 'Rabharta Athchóiriúcháin' agus laghdú ar astaíochtaí a chur i gcrích go rathúil;
31. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar gach gné de EPBD a chur chun feidhme go cuí, agus aird ar leith á tabhairt ar an stoc tithíochta sóisialta; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin agus gníomhaíocht a dhéanamh, i gcás inar gá, i gcás neamhchomhlíonta;
32. á iarraidh ar an gCoimisiún na forálacha atá in EPBD faoi láthair a neartú chun a áirithiú go mbeidh LTRSanna na mBallstát comhsheasmhach le spriocanna aeráidneodrachta agus cuspóirí fuinnimh an Aontais; á chur i bhfios go láidir go mbeidh gá le hathchóiriú foirgneamh a dhéanamh ar ráta 3 % in aghaidh na bliana le haghaidh iarfhéistithe doimhne agus céimnithe chun go mbeidh an tAontas in ann neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050;
33. á iarraidh ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar conas teimpléad caighdeánach a cheapadh a d'fhéadfadh na Ballstáit a úsáid chun a áirithiú go dtabharfaid siad aghaidh ar cheanglais uile Airteagal 2a EPBD agus chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na cuspóirí agus ar na ceanglais chun inchomparáideacht níos fearr a áirithiú maidir le dul chun cinn agus torthaí, agus measúnú a dhéanamh ar phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, nó ar aon chistiú AE eile, a bhfuil LTRS iomlán ina choinníoll ina leith; á mholadh don Choimisiún gréasán *ad hoc* de shaineolaithe a chruthú chun tacú leis na Ballstáit i bpróiseas deartha, faireacháin agus cur chun feidhme a gcuid LTRSanna;
34. á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas conas is féidir forbairt na n-ionad uileghnó a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin do shaoránaigh agus do gheallsealbhóirí eile a éascú tuilleadh, lena n-áirítear trí bhearta níos déine in EPBD; á chur in iúl gur deimhin léi go bhféadfadh ráta athchóirithe níos airde a bheith mar thoradh ar bhearta breise treorach agus tacaíochta, go háirithe cúnaimh teicniúil, feachtais faisnéise, oiliúint agus maoiniú tionscadal;
35. á mheas gur féidir ról tábhachtach a bheith ag digitiú foirgneamh agus ag teicneolaíochtaí tógála, i gcás inarb indéanta, maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú; á chreidiúint gur cheart go bhfónfadh an t-athbhreithniú ar EPBD chun teicneolaíochtaí foirgneamh cliste agus solúbtha a chur chun cinn tuilleadh i gcomhréir

le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus chun cur chuige sonraí-lárnach a chothú; á mholadh go mbainfí úsáid agus feidhm as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail méadair chliste, luchtú cliste, fearais téimh chliste, teicneolaíochtaí stórála agus córais bainistithe fuinnimh atá idir-inoibritheach leis an eangach fuinnimh, samhaltú agus ionsamhlú 3T agus an intleacht shaorga chun laghdúithe astaíochtaí carbóin a bhrú chun cinn ag gach céim de shaolré foirgnimh, ag tosú leis na céimeanna pleanála agus deartha agus ag leanúint ar aghaidh le linn na tógála, na n-oibríochtaí agus an iarfheistithe;

36. á thabhairt chun suntais go bhfuil sonraí cothrom le dáta, iontaofa agus iomlán maidir le feidhmíocht stoic foirgneamh iomlán na hEorpa rithábachtach chun beartais éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar beartais iad a dhírítear ar éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála a fheabhsú; ag tabhairt dá haire gur cheart teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid freisin chun tacú leis an stoc atá ann cheana a mhapaíl agus chun tacú le LTRS a chur chun úsáide;
37. á chreidiúint gur cheart cur chuige atá dírithe ar shonraí a úsáid chun a áirithiú go mbeidh fáil níos leithne ar shonraí comhiomlánaithe, anaithnidithe d'úinéirí tí, do thionóntaí agus do thríú páirtithe, ar féidir leo iad a úsáid chun tomhaltas fuinnimh a bharrfheabhsú, lena n-áirítear trí scéimeanna toilithe atá slán ó thaobh OTIR de, agus chun críocha staidrimh agus taighde;
38. á mholadh do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an scéim fhorhheasta SRI a chur chun feidhme go héifeachtach, go huaillehmianach agus go comhsheasmhach ar fud AE; á chur in iúl gur cheart do SRI fónamh chun comhtháthú an 'Rabharta Athchóiriúcháin' agus comhtháthú an chórais fuinnimh a bhaint amach trí thacú le foirgnimh chliste agus sholúbtha a ghlacadh; á aithint go gcuideoidh SRI tuilleadh le dearadh agus tógáil foirgneamh nua mar fhoirgnimh atá neodrach ó thaobh fuinnimh a spreagadh;
39. á chreidiúint gur cheart do LTRSanna tuilleadh sonraí a sholáthar do ghníomhaíocht fhadtéarmach agus do phleanáil chomhtháite bonneagair bunaithe ar threochlár ina bhfuil beartais nithiúla agus amlíne lena ngabhann garspriocanna soiléire do 2030, 2040 agus 2050, chun timpeallacht níos cobhsaí a chruthú d'infheisteoirí, d'fhorbróirí, d'úinéirí tí agus do thionóntaí agus chun aghaidh a thabhairt ar thionchar saolré iomlán foirgneamh; á chur i bhfáth nach mór do na Ballstáit feabhas a chur ar rochtain ar raon sásraí airgeadais agus fioscacha chun tacú le cur chun úsáide infheistíochtaí príobháideacha agus chun comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha a chothú; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht lena gcuirfí chun cinn iasachtaí lena leagtar síos an éifeachtúlacht fuinnimh mar chritéar le haghaidh rátaí úis níos ísle;
40. á thabhairt chun suntais gur cheart do EPBD a áirithiú go gcuirfear luach ar airgead ar fáil le hathchóiriú agus toradh ar infheistíocht, chomh maith le bille fuinnimh laghdaithe agus inbhuanaitheacht feabhsaithe, d'úinéirí tí agus d'úinéirí foirgneamh, trí fhíorfheabhsuithe tomhaiste a bhunú i bhfeidhmíocht fuinnimh foirgneamh; á chur i bhfios go láidir, má bhaintear leas as cur chuige bunaithe ar an bhfuinneamh a shábhálfar go hiarbhír mar thoradh ar athchóiriú, go ndéanfar costas a bhrú síos agus go méadófar idir cháilíocht agus scála na n-iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh;
41. ag leagan béim ar acmhainneacht an bhonneagair ghlais amhail díonta agus ballaí glasa

maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus oiriúnú don athrú aeráide agus maolú aeráide agus bithéagsúlacht a chur chun cinn, go háirithe i limistéir uirbeacha;

42. á iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as na LTRSanna chun beartais nuálacha a chur chun feidhme chun go mbeidh saoránaigh rannpháirteach go gníomhach ina mbunú agus ina gcur chun feidhme agus i geláir éifeachtúlachta fuinnimh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ról a thabairt do gheallsealbhóirí, lena n-áirítear saoránaigh, bardais áitiúla, comhlachais tithíochta agus gairmithe tógála, agus iad a ghríosú chun gnímh, i gcruthú pleananna comhtháite agus straitéisí cur chun feidhme le haghaidh dícharbónú foirgneamh;
43. á aithint go mbíonn éagsúlacht dinimice tógála agus athchóirithe idir cineálacha éagsúla foirgneamh (poiblí agus príobháideach, neamhchónaithe agus cónaithe) sna Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún creat a chur ar fáil chun íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a thabhairt isteach, lena gcuirfí san áireamh túsphointí éagsúla agus stoic tógála éagsúla ar fud na mBallstát, go háirithe foirgnimh a bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta nó stairiúil acu, chun dlús a chur le rátaí athchóirithe agus chun infheictheacht a thabhairt don slabhra luacha iomlán maidir le feabhsuithe a bhfuiltear ag dréim leo agus chun nuálaíocht a spreagadh, agus inacmhainneacht á háirithiú ag an am céanna, go háirithe dóibh siúd ar ioncam íseal agus i staideanna leochaileacha;
44. á iarraidh ar na Ballstáit creat comhtháite agus leabaithe a fhorbairt lena n-áireofaí maoiniú agus cúnaimh teicniúil ábhartha chun íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a thabhairt isteach de réir a chéile, rud lena n-áirítear ar deireadh go mbainfear amach na garspriocanna do 2030, 2040 agus 2050 a leagtar amach ina LTRSanna; á chur i bhfios go láidir go gcabhródh na híoschaighdeáin sin le leathadh amach na conaire ionsar aeráidneodracht sa stoc foirgneamh faoi 2050 ar a dhéanaí, agus go bhféadfaidís infheictheacht agus slándáil a thabhairt don mhargadh i dtaobh chlaochlú an stoic foirgneamh atá cheana ann; á aithint go bhfuil an tsolúbthacht ag na Ballstáit na bearta riachtanacha a cheapadh chun freastal ar dhálaí éagsúla eacnamaíocha, aeráide, polaitiúla, sóisialta agus tógála; á mheas gur cheart ionstraimí agus dreasachtaí sonracha airgeadais a chur ar fáil d'fhoirgnimh a bhfuil srianta teicniúla, ailtireachta, oidhreachta agus stairiúla ag gabháil leo agus a bhféadfadh sé nach ndéanfaí athchóiriú orthu ar chostas réasúnta i gcomparáid le luach na maoiné;
45. á iarraidh ar an gCoimisiún na LTRSanna a nascadh le forálacha ábhartha na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite maidir le téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil agus maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn in earnáil na tógála, amhail fuinneamh gréine, teirmeach agus geoteirmeach, chomh maith le ról níos mó a bheith ag stóráil fuinnimh agus ag féintomhaltas fuinnimh mar fhreagairt ar chomharthaí eangaí agus micrea-ghreille, agus á aithint go bhfuil breoslaí iontaise, go háirithe gás nádúrtha, á n-úsáid faoi láthair i gcórais téimh d'fhoirgnimh; ag tabhairt dá haire go mbíonn tacaíocht de dhíth ar thomhaltóirí chun imeacht ó bhreoslaí iontaise;
46. á iarraidh ar na Ballstáit forálacha Airteagail 14 agus 15(4) EPBD a chur chun feidhme go hiomlán, agus sonraí soiléire á dtabhairt acu do shaoránaigh agus do ghairmithe maidir leis an gcaoi ar féidir leis an gcóras tógála, uathoibríthe agus rialaithe na cumais éigeantacha a chur ar fáil a luaithe is féidir, chun a áirithiú go ndéanfar an

ghníomhaíocht ullmhúcháin go léir gan mhoill agus roimh an spriocdháta 2025; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar uirlisí nó seicliostaí arna bhforbairt ag saineolaithe agus gairmithe a úsáid, agus na forálacha sin á dtrasuí;

47. á iarraidh ar na Ballstáit díriú ar dhícharbónú an téimh agus an fhuaraithe i bhfoirgnimh, i gcomhréir le tosaíochtaí an ‘Rabharta Athchóiriúcháin’, agus breathnú ar scéimeanna dreasachta, ag díriú ar na tomhaltóirí is leochailí, chun córais téimh sean, iontaise-bhunaithe agus neamhéifeachtúil i bhfoirgnimh a ionadú, lena n-áirítear trí spriocanna athsholáthair a thabhairt isteach i gcomhréir le LTRSanna;
48. ag meabhrú a héilimh ar an gcéad athbhreithniú eile chun meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá ann na ceanglais a mhéadú in EPED maidir le bonneagar luchtaithe, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le cobhsaíocht na n-eangach a áirithiú, mar shampla trí fheidhmiúlachtaí luchtaithe chliste a chur i bhfeidhm, agus soghluaisteacht inbhuanaithe a chothú, chomh maith le cur chuige comhtháite, córasach agus ciorclach d’fhorbairtí uirbeacha agus tuaithe araon, i gcomhréir le pleanáil uirbeach chuí agus bealaí iompair cuí;
49. á mholadh do na Ballstáit breathnú ar an mbealach is fearr chun tairbhe a bhaint as cur chuige ceantarbhunaithe le haghaidh athchóirithe ar mhórscála i gcomhar le geallsealbhóirí agus le pobail áitiúla;
50. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh pointí luchtaithe i bhfoirgnimh réidh le haghaidh luchtú chliste agus na ceanglais a ailíniú leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite; á iarraidh ar na Ballstáit creat a fhorbairt chun cabhrú le tabhairt chun úsáide pointí luchtaithe a shimpliú agus a luathú i bhfoirgnimh chónaithe agus i bhfoirgnimh neamhchónaithe, idir chinn nua agus chinn atá ann cheana, chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní rialála a d’fhéadfadh a bheith ann, agus chun bealaí oiriúnacha a chur chun cinn le haghaidh rochtain agus stóráil éasca do rothair a áirithiú i ndearadh foirgneamh;
51. á chur in iúl gur geal léi gur aithin an Coimisiún tábhacht na r-soghluaisteachta trí íoscheanglais a thabhairt isteach le haghaidh carrchlós atá níos mó ná méid áirithe agus íoscheanglais bhonneagair eile a thabhairt isteach d’fhoirgnimh atá níos lú; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór breis tacaíochta a thabhairt do leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe sin;
52. ag cur béim ar an bhfíoras go bhféadfadh ról a bheith ag athchóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana agus ag dearadh foirgneamh nua chun glacadh EVanna amhail gluasteáin, veaineanna, rothair agus gluaisrothair a spreagadh trí spásanna páirceála leordhóthanacha agus bonneagar luchtaithe a chur ar fáil, rud a chuirfidh le dícharbónú foriomlán na hearnála iompair; ag tabhairt dá haire gur féidir foirgnimh a dhéanamh níos sláintiúla, níos glaise agus idirnasctha laistigh de cheantar comharsanachta leis an idirghabháil sin, chomh maith le bheith níos athléimní in aghaidh thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar raon feidhme soghluaisteachta EPBD a leathnú trí íoscheanglais a thabhairt isteach, i gcás inarb indéanta, i gcineálacha éagsúla foirgneamh do bhonneagar páirceála rothar agus pointí athluchtaithe do rothair leictreacha;
53. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann leis na ceanglais maidir le bonneagar réamhchábhlaithe i bhfoirgnimh nua chónaithe agus

neamhchónaithe mar cheann de na coinníollacha le haghaidh mear-imscaradh pointí athluchtaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún tíortha a spreagadh leis na ceanglais sin a áireamh sna creataí náisiúnta beartais;

54. á chur i bhfáth go bhfuil fáil ar phointí luchtaithe ar cheann de na dreasachtaí do chónaitheoir príobháideach nó d'úinéir tí chun réiteach r-shoghluaisteachta a roghnú; ag tabhairt dá haire, áfach, nach leagtar síos le EPBD faoi láthair ach ceanglais maidir le bonneagar ductála d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu le breis agus 10 spás páirceála; á chur i bhfios go bhforáiltear leis an treoir do rogha an diúltaithe más mó costas na suiteálacha athluchtaithe agus ductála ná 7 % de chostas iomlán athchóiriú foriomlán an fhoirgnimh; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, anailís chostais a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaí forbróirí a spreagadh chun bonneagar leordhóthanach a imlonnú d'úsáideoirí EV;
55. á mheabhrú nach mór do na Ballstáit ceanglais a leagan síos maidir le líon íosta pointí athluchtaithe a shuiteáil do gach foirgneamh neamhchónaithe ag a bhfuil níos mó ná fiche spás páirceála, faoin 1 Eanáir 2025. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé, i ndáil leis an méid sin, easnaimh a shainaithe i gcur chun feidhme EPBD, agus gur cheart forálacha ionchorprú san athbhreithniú air chun leathadh amach an bhonneagair luchtaithe phríobháidigh agus phoiblí i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe a spreagadh agus a éascú tuilleadh;
56. ag cur béim ar an bhfioras nach mór réitigh r-shoghluaisteachta a bheith inrochtana go héasca do gach duine; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis an méid sin, gur gá athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh lena n-áirítear carrchlóis chun feabhas a chur ar inrochtaineacht daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; á chur i bhfáth, thairis sin, gur bhfuil gá le spás stórála a chur i leataobh le haghaidh feistí soghluaisteachta i bhfoirgnimh athchóirithe agus i bhfoirgnimh nua, lena n-áirítear do chathaoireacha rothaí agus do naíchóistí;
57. á chur in iúl gur geal léi go n-aithnítear na bearta is gá chun leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe a éascú agus a bhrostú trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ann cheana amhail dreasachtaí deighilte agus ualaí riaracháin; a chur i bhfios, áfach, go bhfuil bacainní riaracháin fós ann ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil maidir le pleanáil bonneagair agus nósanna imeachta ceada le haghaidh bonneagar athluchtaithe, ar bacainní iad atá ag cur bac ar leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe atá nua agus atá ann cheana féin; ag cur béim ar an bhfioras go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun deireadh a chur leis na bacainní soiléire riaracháin sin;
58. á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh athluchtú EVanna i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe comhlántach le bonneagar athluchtaithe atá inrochtana go poiblí chun acmhainneacht athluchtaithe EVanna a áirithiú; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le hinfheistíocht sa r-shoghluaisteacht a mhéadú agus le bonneagar luchtaithe a chur ar fáil atá in ann luchtú cliste a sholáthar, lena n-áirítear buaicaistriú agus freagairt don éileamh a éascú, lena n-áirítear eangacha leictreachais fuinnimh níos saoire agus níos éifeachtúla lena n-éilítear níos lú acmhainneachta giniúna agus bonneagair;
59. á chreidiúint gur réamhchoinníoll lárnach i gcónaí é bonneagar luchtaithe chliste poiblí,

leathphoiblí agus príobháideach a úsáid chun borradh a chur faoi ghlacadh EVanna sa mhargadh; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí níos mó infheistíochta i bhfoirgnimh agus sa tsoghluaisteacht, go gcuirfí borradh faoin nuálaíocht agus go mbainfí úsáid as uirlisí digiteacha don r-shoghluaisteacht;

60. á chur i bhfios gur cheart go n-éascódh dlíthe ábhartha AE pointí luchtaithe le haghaidh EVanna a thabhairt isteach i gcomhar le hathchóiriú, le foirgnimh nua agus le suiteálacha nua; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an infheistíocht i stáisiúin luchtaithe phoiblí feadh na gconairí croíghreasáin agus ar an ngréasán cuimsitheach, ach ag cur béim ar an bhfioras nach féidir leo sin ach a bheith sa bhreis ar an líon i bhfad níos mó pointí luchtaithe a bheidh ag teastáil i gceantair uirbeacha; á chur i bhfios gurb é an bealach is costéifeachtaí agus is praiticiúla chun dlús a chur leis an aistriú chuig cumhacht leictreach flíteanna feithiclí ná pointí luchtaithe a chur ar fáil gar d'áitribh chónaithe agus d'ionaid oibre, áit ina bhfeidhmíonn siad ina ngnéithe bunúsacha mar bhreis ar an mbonneagar mearluchtaithe atá riachtanach ach atá níos costasaí;
61. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé soghluaisteacht chuimsitheach, chomhtháite agus inbhuanaithe do gach Eorpach agus do gach réigiún a áirithiú, lena n-áirítear do na réigiún is forimeallaí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé modhanna iompair malartacha, cuimsitheacha, sábháilte agus inbhuanaithe a chur chun cinn mar aon leis an mbonneagar is gá chuige sin; á iarraidh ar na Ballstáit comhtháthú socheacnamaíoch agus críochach a chinntiú agus iad i mbun a gceanglas a dhearadh i leith líon íosta de phointí athluchtaithe a shuiteáil; ag tathant ar na Ballstáit aon bhacainní sóisialta, eacnamaíochta, dlíthiúla, rialála agus riaracháin atá i mbealach fhorbairt thapa na bpointí athluchtaithe a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu;
62. ag aithint a thábhachtaí atá sé spásanna glasa uirbeacha agus córais inbhuanaithe draenála uirbeacha atá ann cheana a choinneáil a mhéid is féidir agus tógáil bonneagair luchtaithe chónaithe agus neamhchónaithe agus spásanna páirceála á bpleanáil;
63. ag tabhairt dá haire nár thuairiscigh ach roinnt Ballstát go bhfuil dul chun cinn maith déanta acu maidir le bonneagar athluchtaithe EV i bhfoirgnimh agus i gcarchlóis; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa dul chun cinn sna Ballstáit eile agus á iarraidh go gcuirfí réimse níos leithne sonraí ar fáil ar bhealach níos gasta; ag tabhairt dá haire go bhfuil meastacháin curtha ar fáil ag formhór na mBallstát maidir le glacadh EVanna agus spriocanna chun athluchtairí leictreacha a imscaradh don bhliain 2020; á chur i bhfios, áfach, nár sholáthair ach dhá thrían de na Ballstáit sonraí maidir le spriocanna do 2025 agus 2030;
64. á chur i bhfios gur chuir roinnt údarás áitiúil tús le pleananna dícharbónaithe a cheapadh ina n-áirítear freisin spriocdhátaí ceangailteacha a leagan síos maidir le cosc a chur ar úsáid inneall dócháin inmheánaigh i bhfeithiclí; á iarraidh ar na húdaráis sin a áirithiú go n-áirítear ar a gcuid pleananna tacaíocht thiomnaithe airgeadais agus theicniúil chun a stoc foirgneamh a oiriúnú chun a bpleananna dícharbónaithe a chomhlíonadh;

o

o o

65. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún

27.10.2021

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuid an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (2021/2077(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Maria Grapini

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- ag féachaint do Threoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh¹ (an Treoir Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh – EPBD), agus dá athbhreithniú féideartha,
- ag féachaint don phacáiste um oiriúnú don sprioc 55%, a foilsíodh le déanaí,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeáin feidhmíochta astaíochta CO₂ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua² agus don togra ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 chun Rialachán (AE) 2019/631 a leasú maidir le neartú a dhéanamh ar na caighdeáin thuasluaite i gcomhréir leis an méadú atá tagtha ar uailmhian an Aontais i ndáil leis an aeráid (COM(2021)0556),
- ag féachaint do Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagair breoslaí malartacha a chur in úsáid³, agus dá athbhreithniú atá beartaithe,
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')⁴,

¹ IO L 156, 19.6.2018, lch. 75.

² IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

³ IO L 307, 28.10.2014, lch. 1.

⁴ IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640), agus don rún ón bParlaimint an 15 Eanáir 2020⁵ maidir leis,
 - ag féachaint do theachttaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *Renovation Wave for Europe – greening our buildings, creating jobs, improving lives* [Rabharta athchóirithe don Eoraip – glasú na bhfoirgneamh seo againne, cruthú post agus feabhsú na cáilíochta saoil] (COM(2020)0662),
 - ag féachaint do theachttaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí] (COM(2020)0789),
 - ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 25 Márta 2021, dar teideal *Preliminary analysis of the long-term renovation strategies of 13 Member States* [Réamhanailís ar straitéisí athchóirithe fadtéarmacha 13 Bhallstát] (SWD(2021)0069),
- A. de bhrí go bhfuil feithiclí leictreacha (EVanna) ina ngné thábhachtach den aistriú chuig fuinneamh glan ag AE bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, ar fhuinneamh in-athnuaite, ar bhreoslaí malartacha agus ar réitigh nuálacha chun an tsolúbthacht fuinnimh a bhainistiú agus chun cuspóir na haeráidneodrachta a ghnóthú faoi 2050 ar a dhéanaí;
 - B. de bhrí go gcomhlánaíonn an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) Treoir 2014/94/AE maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid trí bhunús dlí a sholáthar chun pointí athluchtaithe a úsáid i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe; de bhrí go bhfuil ról lárnach ag EPBD ar leibhéal AE chun tacú le hathluchtú cliste príobháideach, i bhfianaise gur dócha go dtarlóidh formhór an athluchtaithe i suíomhanna príobháideacha agus ar láithreáin neamhchónaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu;
 - C. de bhrí gur cheart go bhfeidhmeodh anailís chríochnúil ar chur chun feidhme na bhforálacha de EPBD atá cheana féin ann, i gcodarsnacht le cuspóirí aeráide neartaithe AE do 2030 agus 2050, mar phointe tagartha don athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar EPBD, a bhfuiltear ag súil go bhfoilseoidh an Coimisiún é faoin ráithe deiridh de 2021;
 - D. de bhrí gur minic a bhíonn feidhmeanna éagsúla agus ceanglais theicniúla éagsúla ag luchtairí príobháideacha EV leis na feidhmeanna agus ceanglais theicniúla ag pointí luchtaithe poiblí, mar go soláthraítear níos lú cumhachta dóibh agus go n-úsáidtear iad le haghaidh tréimhsí luchtaithe níos faide, cé go bhfuil siad fanta den chuid is mó ar an gceineál modha luchtaithe is inacmhainne;
 - E. de bhrí go mbeadh gá le léiriú in EPBD ar na ceanglais le go ndéanfaí líon íosta pointí athluchtaithe a shuiteáil i gcomhair spásanna páirceála foirgneamh trí shainordú a thabhairt maidir le himscaradh a dhéanamh ar réamhcháblú leordhóthanach le haghaidh luchtú EV; de bhrí nach mór do na Ballstát íoscheanglas a shainiú do phointí

⁵ IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.

athluchtaithe do gach foirgneamh neamhchónaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, ó 2025, ar foirgnimh iad ag a bhfuil níos mó ná 20 spás páirceála, de réir na gcoinníollacha ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

Creataí beartais náisiúnta, íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh, agus ceanglais maidir le pointí luchtaithe

1. á chur in iúl gur geal léi gur aithin an Coimisiún tábhacht na r-soghluaisteachta trí íoscheanglais a thabhairt isteach le haghaidh carrchlós atá níos mó ná méid áirithe agus íoscheanglais bhonneagair eile a thabhairt isteach d'fhoirgnimh atá níos lú; ag cur béim ar an bhfioras nach mór breis tacaíochta a thabhairt do leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe sin;
2. ag cur béim ar an bhfioras go bhféadfadh ról a bheith ag athchóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana agus ag dearadh foirgneamh nua chun glacadh EVanna amhail gluaisteáin, veaineanna, rothair agus gluaisrothair a spreagadh trí spásanna páirceála leordhóthanacha agus bonneagar luchtaithe a chur ar fáil, rud a chuirfidh le dícharbónú foriomlán na hearnála iompair; ag tabhairt dá haire gur féidir foirgnimh a dhéanamh níos sláintiúla, níos glaise agus idirnasetha laistigh de cheantar comharsanachta leis an idirghabháil sin, chomh maith le bheith níos athléimní in aghaidh thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar raon feidhme soghluaisteachta EPBD a leathnú trí íoscheanglais a thabhairt isteach, i gcás inarb indéanta, i gcineálacha éagsúla foirgneamh do bhonneagar páirceála rothar agus pointí athluchtaithe do rothair leictreacha;
3. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann leis na ceanglais maidir le bonneagar réamhchábhlaithe i bhfoirgnimh nua chónaithe agus neamhchónaithe mar cheann de na coinníollacha le haghaidh mear-imscaradh pointí athluchtaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún tíortha a spreagadh leis na ceanglais sin a áireamh sna creataí náisiúnta beartais;
4. á mheas gur gá ceanglais a thabhairt isteach de réir a chéile maidir le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe, in óstáin agus i gcóiríocht eile sna Ballstáit, agus aird ar leith á thabhairt ar dhreasachtaí airgeadais agus neamhairgeadais d'úinéirí aonair agus do dheighleoga aonair; á chreidiúint go n-éascóidh sé sin, go hindíreach, dícharbónú na hearnála iompair agus turasóireachta;
5. á chur i bhfáth go bhfuil fáil ar phointí luchtaithe ar cheann de na dreasachtaí do chónaitheoir príobháideach nó d'úinéir tí chun réiteach r-shoghluaisteachta a roghnú; ag tabhairt dá haire, áfach, nach leagtar síos le EPBD faoi láthair ach ceanglais maidir le bonneagar ductála d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu le breis agus 10 spás páirceála; á chur i bhfios go bhforáiltear leis an treoir do rogha an diúltaithe más mó costas na suiteálacha athluchtaithe agus ductála ná 7 % de chostas iomlán athchóiriú foriomlán an fhoirgnimh; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, anailís chostais a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaí forbróirí a spreagadh chun bonneagar leordhóthanach a imlonnú d'úsáideoirí EV;
6. á mheabhrú nach mór do na Ballstáit ceanglais a leagan síos maidir le líon íosta pointí athluchtaithe a shuiteáil do gach foirgneamh neamhchónaithe ag a bhfuil níos mó ná fiche spás páirceála, faoin 1 Eanáir 2025. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé, i

ndáil leis an méid sin, easnaimh a shainaithe i gcur chun feidhme EPBD, agus gur cheart forálacha ionchorprú san athbhreithniú air chun leathadh amach an bhonneagair luchtaithe phríobháidigh agus phoiblí i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe a spreagadh agus a éascú tuilleadh;

Inrochtaineacht agus bacainní riaracháin

7. ag cur béim ar an bhfioras nach mór réitigh r-shoghluaisteachta a bheith inrochtana go héasca do gach duine; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis an méid sin, gur gá athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh lena n-áirítear carrchlóis chun feabhas a chur ar inrochtaineacht daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; á chur i bhfáth, thairis sin, gur bhfuil gá le spás stórála a chur i leataobh le haghaidh feistí soghluaisteachta i bhfoirgnimh athchóirithe agus i bhfoirgnimh nua, lena n-áirítear do chathaoireacha rothaí agus do naíchóistí;
8. á chur in iúl gur geal léi go n-aithnítear na bearta is gá chun leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe a éascú agus a bhrostú trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ann cheana amhail dreasachtaí deighilte agus ualaí riaracháin; a chur i bhfios, áfach, go bhfuil bacainní riaracháin fós ann ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil maidir le pleanáil bonneagair agus nósanna imeachta ceada le haghaidh bonneagar athluchtaithe, ar bacainní iad atá ag cur bac ar leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe atá nua agus atá ann cheana féin; ag cur béim ar an bhfioras go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun deireadh a chur leis na bacainní soiléire riaracháin sin;

Comhlántacht idir bonneagar príobháideach agus poiblí

9. á chur i bhfios go láidir gur gá go mbeadh athluchtú EVanna i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe comhlántach le bonneagar athluchtaithe atá inrochtana go poiblí chun acmhainneacht athluchtaithe EVanna a áirithiú; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le hinfheistíocht sa r-shoghluaisteacht a mhéadú agus le bonneagar luchtaithe a chur ar fáil atá in ann luchtú cliste a sholáthar, lena n-áirítear buaicaistriú agus freagairt don éileamh a éascú, lena n-áirítear eangacha leictreachais fuinnimh níos saoire agus níos éifeachtúla lena n-éilítear níos lú acmhainneachta giniúna agus bonneagair;
10. á chreidiúint gur réamhchoinníoll lárnach i gcónaí é bonneagar luchtaithe chliste poiblí, leathphoiblí agus príobháideach a úsáid chun borradh a chur faoi ghlacadh EVanna sa mhargadh; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí níos mó infheistíochta i bhfoirgnimh agus sa soghluaisteacht, go gcuirfí borradh faoin nuálaíocht agus go mbainfí úsáid as uirlisí digiteacha don r-shoghluaisteacht;
11. á chur i bhfios gur cheart go n-éascódh dlíthe ábhartha AE pointí luchtaithe le haghaidh EVanna a thabhairt isteach i gcomhar le hathchóiriú, le foirgnimh nua agus le suiteálacha nua; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an infheistíocht i stáisiúin luchtaithe phoiblí feadh na gconairí croíghréasáin agus ar an ngréasán cuimsitheach, ach ag cur béim ar an bhfioras nach féidir leo sin ach a bheith sa bhreis ar an líon i bhfad níos mó pointí luchtaithe a bheidh ag teastáil i gceantair uirbeacha; á chur i bhfios gurb é an bealach is costéifeachtaí agus is praiticiúla chun dlús a chur leis an aistriú chuig cumhacht leictreach fliteanna feithiclí ná pointí luchtaithe a chur ar fáil gar d'áitribh chónaithe agus d'ionaid oibre, áit ina bhfeidhmíonn siad ina ngnéithe bunúsacha mar bhreis ar an mbonneagar mearluchtaithe atá riachtanach ach atá níos costasaí;

Comhtháthú, sásraí infheistíochta agus foirgnimh atá beagnach neodrach ó thaobh fuinnimh de

12. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé soghluaisteacht chuimsitheach, chomhtháite agus inbhuanaithe do gach Eorpach agus do gach réigiún a áirithiú, lena n-áirítear do na réigiúin is forimeallaí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé modhanna iompair malartacha, cuimsitheacha, sábháilte agus inbhuanaithe a chur chun cinn mar aon leis an mbonneagar is gá chuige sin; á iarraidh ar na Ballstáit comhtháthú socheacnamaíoch agus críochach a chinntiú agus iad i mbun a gceanglas a dhearadh i leith líon íosta de phointí athluchtaithe a shuiteáil; ag tathant ar na Ballstáit aon bhacainní sóisialta, eacnamaíochta, dlíthiúla, rialála agus riaracháin atá i mbealadh fhorbairt thapa na bpointí athluchtaithe a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu;
13. ag cur béim ar an bhfioras nach mór gnéithe comhshaoil, an t-aistriú digiteach agus an r-soghluaisteacht a chur san áireamh i bhfoirgníocht agus in athchóiriú nua foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe; á chur i bhfáth go bhfuil gá leis na ceanglais atá beagnach neodrach ó thaobh fuinnimh de d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh athchóirithe a choimeád a mhéid is féidir;

FBManna

14. á chur i bhfios go láidir go mbeidh ról ríthábhachtach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) na hEorpa, lena n-áirítear fiontair ó earnáil an iompair agus earnáil na turasóireachta, sa 'Rabharta Athchóiriúcháin'; ag cur béim ar na bhfioras go mbeidh dreasachtaí amhail athoiliúint agus uas-sciliú oibrithe lárnach chun spriocanna aeráide an Aontais a ghnóthú;
15. á chur i bhfáth go bhfuil gá le tacaíocht airgeadais leordhóthanach a chur ar fáil do FBManna in earnáil na tógála chun tógáil agus athchóiriú foirgneamh a chur chun cinn agus a spreagadh i gcomhréir leis na híosccheanglais maidir le feidhmíocht fuinnimh; ag spreagadh na mBallstát féachaint ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amhail faoiseamh cánach, córais éifeachtacha iasachtaí bainc a ghlacadh agus réitigh chistiúcháin eile chun tacú le FBManna agus pointí athluchtaithe cliste, príobháideacha á n-úsáid acu, agus, ar an gcaoi sin, glacadh gluaisteán leictreach ina bhflít feithiclí saothair éadroim a chur chun cinn;

Athchóirithe, straitéisí athchóirithe fadtéarmacha agus pleanáil uirbeach

16. á chur i bhfios go láidir go n-imríonn an t-athchóiriú ar fhoirgnimh ról bunriachtanach maidir le dícharbónú, maidir le comhtháthú foinsí inathnuaite fuinnimh agus maidir leis an digitiú in earnáil an iompair; á chur i bhfáth go mbeidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus ráta athchóirithe níos airde don stoc foirgneamh atá ann faoi láthair tábhachtach chun cuspóirí aeráide gearrthéarmacha agus fadtéarmacha AE a ghnóthú agus chun rannchuidiú na hearnála iompair leis sin a éascú; ag meabhrú, i ndáil leis an méid sin, uaillmhian an Choimisiúin, mar a leagtar amach sa teachtaireacht uaidh maidir leis an Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip, rátaí athchóirithe fuinnimh bliantúla dúbailte ar a laghad a bhaint amach do na foirgnimh uile agus athchóiriú domhain a mhéadú;
17. á chur i bhfáth gur cheart don obair athchóirithe foirgneamh ar fad cloí leis an bprionsabal 'tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh' agus go gcuirfí le sprioc

an Aontais maidir le haeráidneodracht a ghnóthú faoi 2050 ar a dhéanaí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh institiúidí airgeadais príobháideacha agus poiblí spreagtha trí shásraí iomchuí infheistíochta chun méid an athchóirithe agus na tógála a mhéadú, chun insreabhadh caipitil chuig úsáideoirí deiridh a spreagadh, agus toradh ar infheistíocht a mhealladh;

18. ag aithint na mbuntáistí a bhaineann le cuir chuige atá dírithe ar an gceantar agus ar an bpobal i ndáil le tionscadail athchóirithe tógála chun borradh a chur faoi shineirgí agus chun tairbhe a bhaint as sineirgí agus barainneachtaí scála; á chreidiúint go bhfuil níos mó pleanála áitiúla ríthábhachtach chun naisc idir modhanna iompair, inrochtaineacht agus feidhmiúlacht spásanna agus comharsanachtaí pobail a fheabhsú, agus chun bearta maolaithe agus oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú chun cáilíocht an aeir agus sláinte phoiblí a fheabhsú, chomh maith leis an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú;
19. á mheas go bhféadfaí athghiniúint uirbeach a chothú trí fheabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, rud atá ríthábhachtach don fhostaíocht, don athghiniúint agus do phatrúin soghluaisteachta agus inrochtaineachta atá ag athrú, a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le turasóireacht inbhuanaithe ardcháilíochta a chur chun cinn;
20. ag tathant ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ina gcuid straitéisí athchóirithe fadtéarmacha ar athchóiriú carrchlós agus foirgneamh ábhartha eile chun EVanna a athluchtú, agus sainiúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha á gcur san áireamh ag an am céanna; á iarraidh ar na Ballstáit an bealach ina ndéanfar an t-athchóiriú sin a leagan amach ar bhealach chomh cuimsitheach agus is féidir, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach agus ar bhacainní struchtúracha sistéamacha amhail neamhionannas socheacnamaíoch trasnach agus inscne; á iarraidh ar an gCoimisiún treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha;
21. ag cur béim ar an ngá atá le pleanáil uirbeach atá iomlánaíoch, comhleanúnach agus cuimsitheach agus le modhanna iompair atá sábháilte agus inbhuanaithe agus a mbonneagar tacaíochta a chur chun cinn;
22. ag aithint a thábhachtaí atá sé spásanna glasa uirbeacha agus córais inbhuanaithe draenála uirbeacha atá ann cheana a choinneáil a mhéid is féidir agus tógáil bonneagair luchtaithe chónaithe agus neamhchónaithe agus spásanna páirceála á bpleanáil;

Easpa dul chun cinn na mBallstát

23. ag tabhairt dá haire nár thuairiscigh ach roinnt Ballstát go bhfuil dul chun cinn maith déanta acu maidir le bonneagar athluchtaithe EV i bhfoirgnimh agus i gcarrchlóis; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa dul chun cinn sna Ballstáit eile agus á iarraidh go gcuirfí réimse níos leithne sonraí ar fáil ar bhealach níos gasta; ag tabhairt dá haire go bhfuil meastacháin curtha ar fáil ag formhór na mBallstát maidir le glacadh EVanna agus spriocanna chun athluchtairí leictreacha a imscaradh don bhliain 2020; á chur i bhfios, áfach, nár sholáthair ach dhá thrian de na Ballstáit sonraí maidir le spriocanna do 2025 agus 2030;
24. á chur i bhfios gur chuir roinnt údarás áitiúil tús le pleananna dícharbónaithe a cheapadh ina n-áirítear freisin spriocdhátaí ceangailteacha a leagan síos maidir le cosc a chur ar

úsáid inneall dócháin inmheánaigh i bhfeithiclí; á iarraidh ar na húdaráis sin a áirithiú go n-áirítear ar a gcuid pleananna tacaíocht thiomnaithe airgeadais agus theicniúil chun a stoc foirgneamh a oiriúnú chun a bpleananna dícharbónaithe a chomhlíonadh;

25. á mheabhrú gur cheart cúnaimh airgeadais a chur ar fáil chun tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal agus na híoschaighdeáin fuinnimh á gcomhlíonadh acu i gcás breis agus 50 milliún duine san Aontas a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu; á mheas go bhfuil sé tábhachtach go ráthódh na Ballstáit rochtain ar leictreachas do dhaoine leochaileacha.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	27.10.2021
Toradh na vótála críochnaithí	+: 45 -: 3 0: 1
Comhaltaí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Ciarán Cuffe, Johan Danielsson, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, Mario Furore, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Elena Kountoura, Julie Lechanteux, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, João Pimenta Lopes, Tomasz Piotr Poręba, Dominique Riquet, Dorien Rookmaker, Massimiliano Salini, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Henna Virkkunen, Petar Vitanov, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Roberts Zile, Kosma Złotowski
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Clare Daly, Tomasz Frankowski, Maria Grapini, Roman Haider, Pär Holmgren, Patrizia Toia
Comhaltaí ionaid faoi Riall 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Karolin Braunsberger-Reinhold

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

45	+
ECR	Tomasz Piotr Poręba, Roberts Zīle, Kosma Złotowski
ID	Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Roman Haider
NI	Mario Furore
PPE	Magdalena Adamowicz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Gheorghe Falcă, Tomasz Frankowski, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Henna Virkkunen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi
Renew	José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet
S&D	Andris Ameriks, Johan Danielsson, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Maria Grapini, Vera Tax, Patrizia Toia, István Ujhelyi, Petar Vitanov
The Left	Clare Daly, Elena Kountoura, João Pimenta Lopes
Verts/ALE	Ciarán Cuffe, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Pär Holmgren, Tilly Metz

3	-
ID	Julie Lechanteux, Philippe Olivier
NI	Dorien Rookmaker

1	0
ECR	Peter Lundgren

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

Dáta an ghlactha	9.11.2021
Toradh na vótála críochnaithí	+: 51 -: 11 0: 2
Comhaltaí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Tom Berendsen, Vasile Blaga, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Martin Buschmann, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Nicolás González Casares, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Seán Kelly, Łukasz Kohut, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Marisa Matias, Eva Maydell, Dan Nica, Angelika Niebler, Mauri Pekkarinen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Sira Rego, Manuela Ripa, Jérôme Rivière, Robert Roos, Jessica Stegrud, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Pascal Arimont, Damian Boeselager, Salvatore De Meo, Ismail Ertug, Eleonora Evi, Martin Hojsík, Janusz Lewandowski, Adriana Maldonado López, Dragoş Pîslaru, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, Jacek Saryusz-Wolski, Susana Solís Pérez, Ivan Štefanec, Emma Wiesner
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Rosanna Conte, Rosa D'Amato, Claude Gruffat, Ska Keller, Harald Vilimsky, Petar Vitanov

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH

51	+
NI	Clara Ponsatí Obiols
PPE	Pascal Arimont, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Salvatore De Meo, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Janusz Lewandowski, Eva Maydell, Angelika Niebler, Markus Pieper, Massimiliano Salini, Ivan Štefanec, Riho Terras, Pernille Weiss,
RENEW	Valter Flego, Claudia Gamon, Christophe Grudler, Martin Hojsík, Mauri Pekkarinen, Dragoş Pîslaru, Dominique Riquet, Susana Solís Pérez, Emma Wiesner
S&D	Josianne Cutajar, Ismail Ertug, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Lukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Adriana Maldonado López, Dan Nica, Petar Vitanov, Carlos Zorrinho
VERTS/ALE	Damian Boeselager, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Rosa D'Amato, Eleonora Evi, Claude Gruffat, Henrike Hahn, Ska Keller, Manuela Ripa

11	-
ECR	Robert Roos, Jessica Stegrud
ID	Paolo Borchia, Markus Buchheit, Rosanna Conte, Jérôme Rivière, Harald Vilimsky
NI	Martin Buschmann
THE LEFT	Marc Botenga, Marisa Matias, Sira Rego

2	0
ECR	Jacek Saryusz-Wolski, Grzegorz Tobiszowski

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

